2024/885

21.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/885 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí i mbia a mhéid a bhaineann leis an modh samplála le haghaidh luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe), taenna (táirge triomaithe) agus spíosraí púdraithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear modhanna samplála agus anailíse atá le húsáid chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí i mbia.

(2) Tá fianaise i dtorthaí an taighde a rinne meitheal le déanaí arna chomhaontú ag Institiúid Chónaidhm na Gearmáine um Measúnú Riosca (BfR) maidir leis an modh samplála chun rialú a dhéanamh ar thocsainí plandaí (atá infheidhme maidir le rialú a dhéanamh ar mhíceatocsainí freisin) i luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe), taenna (táirge triomaithe) agus spíosraí púdraithe mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782, nach ráthaíonn sé go bhfaighfear sampla atá ionadaíoch ar an luchtóg shampláilte.

(3) Is gá, dá bhrí sin, an modh samplála a leasú tríd an meáchan is gá le haghaidh na samplaí incriminteacha agus comhiomlána a mhéadú agus trí na rialacha is infheidhme a shonrú maidir le sampláil a dhéanamh ar fhorbhia a bhfuil luibheanna triomaithe iontu i mbulc sula gcuirfear iad i bpacáistí miondíola/aonair don tomhaltóir deiridh chun a áirithiú go bhfuil an sampla a fhaightear ionadaíoch ar an luchtóg shampláilte.

(4) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 a leasú dá réir sin.

(5) I bhfianaise go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 ó 1 Aibreán 2024, ba cheart an Rialachán a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe, ionas nach mbeidh ar na húdaráis náisiúnta inniúla rialacha an Rialacháin sin atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse ghairid.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 (IO L 2023/2782, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2782/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/2782 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2782, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cuid M:

'M. MODH SAMPLÁLA LE hAGHAIDH LUIBHEANNA TRIOMAITHE, INSILTÍ LUIBHE (TÁIRGE TRIOMAITHE), TAENNA (TÁIRGE TRIOMAITHE) AGUS SPÍOSRAÍ PÚDRAITHE

M.1. **Meáchan an tsampla incrimintigh**

Beidh meáchan an tsampla incrimintigh timpeall 80 g, mura sainmhínítear a mhalairt sa chuid M seo.

I gcás luchtóga i bpacáistí miondíola/aonair, braitheann meáchan an tsampla incrimintigh ar mheáchan an phacáiste miondíola/aonair.

I gcás pacáistí miondíola/aonair > 80 g, beidh samplaí comhiomlána dá thoradh sin a mheánn níos mó ná an meáchan is gá a léirítear i dtáblaí 1 agus 2. Má tá meáchan pacáiste miondíola/aonair ar leith >> 80 g, tógfar 80 g ó gach pacáiste miondíola/aonair mar shampla incriminteach. Is féidir é sin a dhéanamh nuair a thógtar an sampla, nó sa tsaotharlann. Mar sin féin, i gcásanna ina mbeadh iarmhairtí tráchtála neamh-inghlactha ann mar thoradh ar an modh samplála sin a eascraíonn as damáiste don luchtóg (mar gheall ar fhoirmeacha pacáistíochta, modhanna iompair, etc.), ansin is féidir modh samplála malartach a chur i bhfeidhm. Mar shampla, i gcás ina ndéantar táirge luachmhar a mhargú i bpacáistí miondíola/aonair a bhfuil meáchan 500 g nó 1 kg iontu, is féidir an sampla comhiomlán a fháil trí líon samplaí incriminteacha a chomhiomlánú atá níos lú ná an líon a léirítear i dTáblaí 1 agus 2, ar choinníoll go gcomhfhreagróidh meáchan an tsampla chomhiomláin don mheáchan is gá ón sampla comhiomlán a luaitear i dTáblaí 1 agus 2.

I gcás ina bhfuil na pacáistí miondíola/aonair níos lú ná 80 g agus gur beag an difríocht (i.e. níl sí níos lú ná leath 80 g), measfar mar shampla incriminteach amháin pacáiste miondíola/aonair amháin, rud a fhágfaidh dá bharr sin go mbeidh sampla comhiomlán ann is lú ná an meáchan is gá a léirítear i dtáblaí 1 agus 2. Má tá meáchan na bpacáistí miondíola/aonair i bhfad níos lú ná 80 g, beidh dhá phacáiste miondíola/aonair nó níos mó i sampla incriminteach amháin, ina ndéantar an 80 g a neasú chomh gar agus is féidir.

M.2. **Na luchtóga a roinnt ina bhfo-luchtóga le haghaidh sampláil luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe), taenna (táirge triomaithe) agus spíosraí púdraithe**

Tábla 1

Na luchtóga a fhoroinnt ina bhfo-luchtóga ag brath ar mheáchan na luchtóige

Tráchtearra	Meáchan na luchtóige (tonaí)	Meáchan na bhfoluchtóg	An líon samplaí incriminteacha	Meáchan an tsampla chomhiomláin (kg)
luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe), taenna (táirge triomaithe), spíosraí púdraithe	≥ 15	25 tona	50	4
	< 15	—	3 – 50 (*)	0,2 – 4,0 (*)

(*) Ag brath ar mheáchan na luchtóige – féach Tábla 2

M.3. **Modh samplála luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe), taenna (táirge triomaithe) agus spíosraí púdraithe (luchtóga ≥ 15 thona)**

Ar choinníoll gur féidir an fho-luchtóg a dheighilt go fisiceach, foroinnfear gach luchtóg ina fo-luchtóga de réir Thábla 1. Agus é á chur san áireamh nach iolrach beacht de mheáchan na bhfo-luchtóg é meáchan na luchtóige i gcónaí, féadfaidh meáchan na fo-luchtóige a bheith 20 % ar a mhéad os cionn an mheáchain a luaitear.

Déanfar gach fo-luchtóg a shampláil ar leithligh.

50 sampla incriminteach a bheidh sa líon samplaí incriminteacha. Is é 4,0 kg a bheidh i meáchan an tsampla chomhiomláin.

Mura féidir an modh samplála ar a dtugtar tuairisc thuas a dhéanamh mar gheall ar na hiarmhairtí tráchtála neamh-inghlactha a eascraíonn as damáiste don luchtóg (mar gheall ar fhoirmeacha pacáistíochta, modhanna iompair, nó cúiseanna eile) féadfar modh malartach samplála a chur i bhfeidhm ar choinníoll go bhfuil sé chomh hionadaíoch agus is féidir agus go dtugtar tuairisc iomlán air agus go ndéantar é a dhoiciméadú go hiomlán.

M.4. **Modh samplála luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe) agus taenna (táirge triomaithe) agus spíosraí púdraithe (luchtóga < 15 thona)**

Maidir le luchtóga luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe) agus taenna (táirge triomaithe) agus spíosraí púdraithe níos lú ná 15 thona, beidh 3 go 50 sampla incriminteach sa phlean samplála, ag brath ar mheáchan na luchtóige, rud a fhágann sampla comhiomlán idir 0,2 agus 4,0 kg.

Féadfar na figiúirí i dTábla 2 seo a leanas a úsáid chun an líon samplaí incriminteacha atá le tógáil a chinneadh.

Tábla 2

An t-íoslíon samplaí incriminteacha atá le tógáil ag brath ar mheáchan na luchtóige de luibheanna triomaithe, insiltí luibhe (táirge triomaithe), taenna (táirge triomaithe) agus spíosraí púdraithe

Meáchan na luchtóige (tonaí)	An t-íoslíon samplaí incriminteacha	Íosmheáchan comhiomlán an tsampla (kg)
≤ 0,1	3	0,2
> 0,1 – ≤ 0,5	10	0,8
> 0,5 – ≤ 5,0	25	2,0
> 5,0 – ≤ 10,0	35	2,8
> 10,0 – ≤ 15,0	50	4,0

M.5. **Sampláil ag an gcéim mhiondíola**

Déanfar sampláil ar earraí bia ag an gcéim mhiondíola nuair is féidir i gcomhréir leis na forálacha samplála a leagtar amach sa chuid M seo.

I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, féadfar modh samplála malartach ag an gcéim mhiondíola a úsáid ar choinníoll go n-áirithítear leis go mbeidh an sampla comhiomlán ionadaíoch go leor ar an luchtóg shampláilte agus go dtabharfar tuairisc iomlán uirthi agus go mbeidh sí doiciméadaithe ina hiomláine. In aon chás, beidh an sampla comhiomlán 0,2 kg ar a laghad.

M.6. **Sampláil forbhianna a bhfuil luibheanna triomaithe iontu i mbulc sula gcuirtear i bpacáistí miondíola/aonair iad don tomhaltóir deiridh**

Maidir le sampláil forbhianna a bhfuil luibheanna triomaithe iontu i mbulc sula gcuirtear i bpacáistí miondíola/aonair iad, tá feidhm ag na forálacha samplála sa chuid seo M agus cuirfear i bhfeidhm iad de réir mheáchan ábhar luibheanna triomaithe na bhforbhianna i mbulc.

M.7. **Glacadh le luchtóg nó le fo-luchtóg**

Glacadh: mura bhfuil an sampla saotharlainne níos mó ná an t-uasleibhéal, agus an ceartú le haghaidh aisghabhála agus éiginnteacht tomhais á chur san áireamh.

Diúltú: má tá an sampla saotharlainne níos mó ná an t-uasleibhéal thar amhras réasúnach agus an ceartú le haghaidh aisghabhála agus éiginnteacht tomhais á chur san áireamh. Tá sé sin amhlaidh i gcás ina bhfuil an toradh anailíse (arna cheartú le haghaidh aisghabhála más infheidhme) lúide an éiginnteacht tomhais leathnaithe a eascraíonn as an anailís os cionn an uasleibhéil.'